

Gaiste Éisc Méisiliteach c.5000 RC



An áit ina bhfuil an réad seo le feiceáil

Ard-Mhúsaem na hÉireann - Seandálaíocht,
Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2
[Clliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil](#)

Cuir cuairt ar an músaem in áirithe

[Clliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil](#)

NAISC CHURACLAIM

Stair

Sraith:	Scéal
Aonad sraithe:	Scéalta faoi shaol daoine a mhair san am atá caite
Sraith:	Daoine de chuid luath-thréimhsí agus sochaithe ársa
Aonad sraithe:	Pobail Chlochaoise

Gaeilge

Sraitheanna:	Teanga labhartha; scríbhneoireacht
Aonad Sraithe:	Mothúcháin agus samhlaíocht a fhorbairt trí theanga

Eolaíocht

Sraith:	Feasacht agus cúram maidir leis an timpeallacht
Aonad Sraithe:	Eolaíocht agus an timpeallacht

Tíreolaíocht

Sraith:	Timpeallachtaí nádúrtha
Aonad Sraithe:	Talamh, aibhneacha agus farraigí na hÉireann; carraigeacha agus ithreacha

Amharc-Ealaíona

Sraith:	Tógáil
Aonaid Sraithe:	Tógáil a dhéanamh; féachaint agus freagairt

Drámaíocht

Sraith:	Drámaíocht trína scrúdaítear mothúcháin, eolas agus smaointe, rud as a leanann tuiscint
Aonad Sraithe:	Comhoibriú agus cumarsáid le linn dráma a chumadh

ACMHAINNÍ

- Rochtain ar ríomhairí sa rang
- Láithreáin ghréasáin úsáideacha: [Athbhunú portaigh ardaithe](#)

CUSPÓIRÍ

- Tosú ag obair amhail is gur staraí tú
- Déileáil leis an réad ar mhodh atá bunaithe ar fhianaise.
- Plé a dhéanamh faoi ábharthacht agus faoi thábhacht na ngaistí éisc.
- Tú féin a chur in ionad na ndaoine a rinne iad.
- Tuiscint a fháil ar an ról atá ag músaeim maidir le caomhnú.
- Tuiscint a fháil ar thábhacht na dtailte portaigh.
- Aitheantas a thabhairt do na naisc idir saol na ndaoine an tráth a raibh gaistí éisc á ndéanamh in Éirinn agus saol na ndaoine sa lá atá inniu ann.

MEASÚNACHT

- Leathán oibre gníomhaíochta
- Scríbhneoireacht chruthaitheach
- Drámaíocht

DIFREÁIL

- Leathán oibre gníomhaíochta
- Amharc-Ealaíona
- Drámaíocht

CEACHT

- Taispeáin íomhá de ghaiste éisc Méisiliteach.

Plé A (tuairimíocht)

- Céard é seo dar leat?
- Cén úsáid a baineadh as dar leat?
- Cén aois é dar leat?

Léigh an scéal faoin ngaiste éisc Méisiliteach

Moltar go n-éisteanann na leanaí gan an téacs a fheiceáil ar an scáileán, rud is féidir leo a dhéanamh níos déanaí.

Plé B

- Cén aois atá ag na gaistí éisc?
- Cén cineál daoine a d'úsáid iad?
- Cén sórt saoil a bhí acu?
- Conas a d'oibrigh na gaistí?
- Conas a caomhnaíodh na gaistí éisc ar feadh tréimhse chomh fada sin?
- Conas a aimsíodh iad?
- Dar leat, conas a mhothaigh na seandálaithe nuair a d'aimsigh siad na gaistí éisc?
- Céard é an chéad rud a rinne siad, dar leat?
- Cuir i gcás gur tusa duine d'úinéirí na ngaistí éisc agus, ar bhealach éigin, go bhfuair tú amach go n-aimseodh daoine do ghaiste éisc 7,000 bliain sa todhcháí, cad a déarfá? Cad a dhéanfá? (B'fhéidir nach ndéanfá aon rud?)

Leatháin oibre gníomhaíochta

Measúnacht

Difreáil

- Ag obair le duine eile nó i ngrúpa.
- Tugtar leathán oibre do gach péire/grúpa.

Caomhnú Faisnéis chúlra chun an leathán oibre a chomhlánú
Portaigh Faisnéis chúlra chun an leathán oibre a chomhlánú

- Tugann na grúpaí/péirí tuairisc don rang.

CEACHTANNA BREISE

Scribhneoireacht chruthaitheach

Measúnacht

- Cuir i gcás gur tú féin an gaiste éisc, agus tú ina luí faoin talamh ar feadh na mílte bliain, scríobh síos na nithe a mhothaigh tú, na nithe a chuala tú, na nithe a bhí ag tarlú os do chionn ...
- Scríobh síos do leagan féin den tslí inar tréigeadh an gaiste éisc sa loch – d'fhéadfadh an leagan sin a bheith fíor, mar nach mbeidh a fhios choíche cad a tharla dáiríre!
- Scríobh óid do na gaistí éisc (dán a bhaineann leis na gaistí éisc).

Amharc-Ealaíona

Difreáil

- Déan dearadh do ghaiste éisc de do chuid féin! Ní gá duit ábhair Chlochaoise a úsáid. Is féidir leat aon ní is mian leat a úsáid!

Dramaíocht – diancheistiú

Measúnacht / Difreáil

- Bímis ag cur i gcéill! Glacann ceathrar daltaí ról gaistí éisc ar mhaithe le diancheistiú a dhéanamh orthu. Cuireann na daltaí eile ceisteanna orthu faoina saol, faoina mothúcháin, etc. Samplaí:
 - Mar sin, bhí tú faoin talamh ar feadh 7,000 bliain. Tá mé ag glacadh leis nach raibh tú in ann aon ní a fheiceáil, le fírinne, ach céard faoi thorann nó guthanna nó fuaimeanna os do chionn?
 - Conas a bhí sé i do luí ansin sa phortach ar feadh tréimhse chomh fada sin?
 - Ar éirigh tú dubh dóite?
 - Conas a chaith tú an t-am?

Réada a chuireann na daltaí ar fáil

- Iarr ar na daltaí réada atá tábhachtach ina stair theaghlach féin a thabhairt isteach leo.
 - Déan físeán de na daltaí agus iad ag caint faoina réada.
 - Cruthaigh fóta-scéal trí úsáid a bhaint as réada na ndaltaí. Tá naisc le fáil thíos le háiteanna ina bhfaighfear mínithe ar fhóta-scéal agus ar bhlagáil. Labhraíonn na daltaí faoi na híomhánna ina bhfeictear iad féin agus an réad. Téigh ó dhalta go datla. Beidh gach dalta sa rang le feiceáil agus le cloisteáil sa chur i láthair.

Seirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí

Conas úsáid a bhaint as fóta-scéal
Conas do fhóta-scéal a bhlagáil

- Cuirtear A nó B ar fáil ar láithreán gréasáin na scoile.

Stair áitiúil

- An bhfuil réad is díol spéise ann i gceantar na scoile?